

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

Éire

D01 PF72

T +353 (0)1 8638600

www.audgen.gov.ie

An tUasal Martin O'Brien
Príomhfheidhmeannach
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí C15 N67E.

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2017

A Uasail O'Brien, a chara,

Tá ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí deimhnithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017.

Tá cóip de na ráitis airgeadais in éineacht le tuairim an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniata leis seo. Cuireadh na doiciméid seo freisin go dtí Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina gcuirfear iad isteach go dtí Cléirigh na Dála agus an tSeanaid le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is mise, le meas,

Martin Byrne

Iniúchóir Sinsearach

29 Samhain 2018

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2017

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Innéacs na Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2017

Leathanach

Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4

Tuairisc Iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas is Ciste	5
Gníomhaíochtaí agus Costais Íoctha	6
Beartais Chuntasaíochta	7
Cuntas Oibriúcháin	8
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha	9
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	10 - 25

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

In Alt 51 den Acht sin éilítear ar an BOO a choimeád ina leithéid d'fhoirm agus i dtaca lena leithéid tréimhsí cuntasaíochta a bheadh faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus le cead ón Aire Airgeadais agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais chearta agus na gnáthchuntais uile de na hairgid a fuarthas nó a caitheadh leis.

Tá sé de dhualgas ar an mBord agus na cuntais sin á n-ullmhú acu

- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha le ráitis airgeadais an BOO a ullmhú a chur i bhfeidhm
- (b) breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- (c) aon athruithe ábhair ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá sé de fhreagracht ar an mBord leabhair chuí chuntais a choimeád a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Síniú

An Comhairleoir Sharon Tolan

Cathaoirleach

Dáta

26/11/2018

Leathanach 3

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha 2016

Freagracht as an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an dáta sin, ghlac BOO Lú agus na Mí feidhmeanna Choistí Gairmoideachais Chontae Lú agus Chontae na Mí a bhí ann roimhe sin. Le héifeacht ón 1 Iúil 2014, ghlac BOO Lú agus na Mí, ó SOLAS, sócmhainní, dliteanais agus bainistíocht na ngníomhaíochtaí d'Ionad Oiliúna Dhún Dealgan.

Tá an Cód Rialachais do na BOOanna leagtha amach i gCiorclán 18/2015, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna chuig na BOOanna uile ar an 16 Márta 2015. Ghlac BOO Lú agus na Mí an Cód Rialachais ag a chruinniú ar an 4 Meitheamh 2015. Roimhe seo, d'fheidhmigh an Bord faoi fhorálacha Chiorclán F11 / 2005. Chuir BOO Lú agus na Mí ag an gcruinniú a bhí ar siúl aige ar an 25 Meitheamh 2015 an próiseas i gcrích nuair a ceapadh a Choistí Airgeadais agus Iniúcháireachta. Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile 4 huairé in 2017; is é sin 28/02/2017, 06/06/2017, 19/09/2017 agus 27/11/2017. Bhí an Coiste Iniúcháireachta i dteagmháil go forleathan le linn 2017 trí ríomhphoist, glaonna fóin agus bhuail Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta leis an bPríomhfheidhmeannach ar ócáidí áirithe le hábhair éagsúla iomchuí a phlé.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oilúna Lú agus na Mí, aithním an fhreagracht atá ar an mBord lena chinntiú go ndéantar córas um rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil a choinneáil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á cur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord leis na céimeanna le timpeallacht rialaithe oiriúnach a chinntiú lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Nósanna imeachta a bhunú le teipeanna suntasacha a thuairisciú agus le gníomh ceartaitheach oiriúnach a chinntiú;
- Freagrachtaí na bainistíochta agus na foirne a aithint go soiléir. Clúdaíonn sé seo struchtúr foirne ardbhainistíochta nua a thabhairt isteach in 2016 agus 2017 agus athstruchtúru iomlán stiúthóireacht na heagraíochta, tacaíochta agus forbartha le gach ceann d'Airgeadas, AD agus Seirbhísí Corparáideacha (soláthar agus talamh agus foirgnimh san áireamh) a bhogadh go dtí láithreacha ar leith in 2017;
- Rinne an BOOLM líon mór polasaithe agus nósanna imeachta ó na Coistí Gairmoideachais a bhí ann roimhe seo a nuashonrú agus a fhaomhadh sa bhreis ar na polasaithe sin a bhaineann go háirithe le scoileanna/ionaid ó cuireadh an struchtúr foirne bainistíochta nua i bhfeidhm;
- Rinne BOOLM cuíchóiriú ar na cleachtais oibre sa réimse riaracháin agus idir an dá oifig;
- Bhí an aithint agus freagairt ar riosca mar chuid den bhainistíocht laethúil agus bhí fianaise láidir ann gur éirigh leis an BOOLM na cuspóirí a bhaint amach agus freagairt ar thionscnaimh nua. I rith na tréimhse ó 2016 go 2017 thug an BOOLM faoi chóras bainistíochta riosca foirmiúil a bhunú ina bhfuil nósanna imeachta chun na rioscaí uile a aithint agus a mheas, a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOO a chuid cuspóirí a bhaint amach. D'oibríomar go dlúth i gcomhar lenár n-árachóirí agus lenár gComhbhoird Oideachais agus Oiliúna le córas a fhorbairt atá in oiriúint do thimpeallacht riosca BOO. Tá an córas curtha le chéile anois agus bíonn nuashonruithe rialta curtha ar fáil ag Coiste an Bhoird agus an Coiste Iniúcháireachta agus bíonn sceideal d'athbhreithnithe foirmiúla agus monatóireacht leanúnach ar rioscaí ag cruinnithe foirne ardbhainistíochta ina bhfuil sé mar mhír bhuan ar an gclár oibre. Chomh maith leis sin, tugadh freagracht ar leith d'oifigeach i stiúthóireacht na heagraíochta, tacaíochta agus forbartha chun tacú leis an bhfeidhm bainistíochta riosca. Cinntítear leis seo gur doiciméad beo agus doiciméad atá á fhorbairt atá sa chlár riosca trí bheith rannpháirteach le baill foirne sna stiúthóireachtaí uile a dhéanann rioscaí a d'fhéadfadh bheith ann a thuar agus a dhéileáil le rudaí a tharlaíonn i ndáiríre.
- Tá struchtúr de bhord bainistíochta foirmiúil curtha i bhfeidhm thar na seirbhísí Ógtheagmhála atá ar aon dul leis na socrúithe atá in earnáil na scoileanna; agus,
- Tá socrúithe maidir le soláthar a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus bainistíochta ar shócmhainní á láidriú ar fud an BOOLM.

Tá an córas um rialú airgeadais inmheánach atá á fheidhmiú in BOO Lú agus na Mí bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Mion-nósanna imeachta riaracháin
- Dealú na ndualgas
- Údaruithe ar leith
- Seiceálacha inmheánacha
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí ina dtugtar breac-chuntas de na fíorthorthaí agus na torthaí buiséadaithe de na cláir atá á bhfeidhmiú ag BOO Lú agus na Mí.

Is iad seo a leanas a chuireann bonn agus taca le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach:

- moltaí a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó tuairiscí eile
- obair an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann tuairiscí iniúchta inmheánacha agus tuairiscí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a mheas, i dtuairim an iniúcháir inmheánaigh, a fheidhmíonn córais um rialú inmheánach atá leordhóthanach agus iomchuí
- An Príomhfheidhmeannach a bhfuil freagracht air/uirthi as an gcreat um rialú inmheánach.

Cuireann an tAonad Iniúchadh Inmheánach (All) seirbhís iniúcháireachta inmheánach ar fáil. Chuir an tAonad Iniúchadh Inmheánach iniúchadh ar an gComhlíonadh Soláthair i gcrích san Ionad Oiliúna Scileanna Réigiúnach inar measadh go raibh an córas rialú inmheánach um sholáthar ann sásúil. Cuireadh obair allamuigh iniúchta ar na seirbhísí TFC agus sheirbhísí Ógtheagmhála i gcrích freisin. Tá ullmhúchán á dhéanamh ar na freagairtí bainistíochta maidir leis an rud céanna. In ainneoin na hoibre luachmhaire a chuir an All i gcrích in 2017, is gá go mbeadh méadú ar scála oibríochtaí an BOOLM sa leibhéal den iniúchadh inmheánach ina bhfuil acmhainní comhchéimneacha á gcur ar fáil don All leis an rud céanna a chur ar fáil.

Aithníodh líon laigí rialaithe i rith 2017 atá fós mar ábhar agus a cuireadh in iúl roimhe seo den chuid is mó sna Ráitis um Rialú do 2015 agus 2016, a bhí mar seo a leanas:

- Bhíothas in ann cistí a thiomsaigh na scoileanna go háitiúil a chnád ar an mbunús go mbainfí úsáid astu le hoibreacha forbartha a pháirtmhaoiniú/ a mhaoiniú sna scoileanna atá i gceist ar mhaithe leis na foghlaimoirí. Cuireadh in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna agus SOLAS maidir leis an tsaincheist. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm le cosaint a thabhairt nach dtarlódh sé seo arís lena n-áirítear cead soiléir an Bhoird ar léirmhíniú chiorclán 13/2011. D'aontaigh an Roinn le tuairisc mír i ndiaidh mír de na cistí carntha i gcoinne na míreanna incháilithe faoi chiorclán 13/2011 thar tréimhse de thart ar 18 mí atá ar bun cheana féin;
- Bhí gá leis na rialuithe a bhaineann le bainistíocht na gcuntas bainc scoile a neartú. Chuige seo, tá iarmhéid uasta iompartha de €10,000 go gach cuntas ceadaithe do gach cuntas bainc scoile agus níl ach cuntas amháin den sórt sin ceadaithe do gach scoil. Tá an próiseas le gach cuntas bainc scoile a dhúnadh agus bogadh chuig cuntas BOOLM amháin ar bun agus tá dul chun cinn á dhéanamh leis in éineacht leis le leas a bhaint as córas íocaíochtaí nua atá á sholáthar do gach scoil.
- Bíonn gá le réamhcheadú ón gcomhlacht maoinithe iomchuí le haghaidh oibreacha forbartha ar thalamh agus foirgnimh an BOOLM, i.e. An Roinn Oideachais agus Scileanna nó SOLAS. Tá iarratas foirmiúil agus nós imeachta ceadaithe i bhfeidhm anois leis an gcur chuige seo a thabhairt chun eagar agus lena chinntiú go bhfuil na cistí agus ceaduithe riachtanacha i bhfeidhm sula dtosaíonn aon oibreacha.
- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na cóid tionscadail agus féinmhaoinithe lena chinntiú gur baineadh úsáid as na cistí a carnadh sna cóid sin chun na críocha lena raibh siad beartaithe nó a dearbhaíodh iad mar bharrachas nó easnamh. Rinneadh leasuithe ar na nósanna imeachta ionas nach féidir a leithéid de chóid nua a chruthú gan réamhcheadú ó Stiúrthóir an OSD;
- Cuireadh neartú nósanna imeachta maidir le calaíocht atreoraithe shonraí i bhfeidhm tar éis a leithéid de chalaíocht i mí na Samhna 2017. Tá an t-ábhar seo faoi réir fiosrúcháin choiriúil;
- Tar éis na trí einteach a chumasc a dhéanann suas an BOOLM anois tá gá le rialú níos doimhne sa réimse soláthair le go mbeidh cur chuige comhiomlán mar an bunús le cinntiú agus pleanáil a dhéanamh san BOO. Cinntíonn an Bord go bhfuiltear ag díriú go hiomchuí ar an dea-chleachtas sa cheannach trí pholasaithe agus nósanna imeachta a cheadú atá deartha lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí uile. Rinne neartú sa bhreis ar an gcumas sa réimse seo trí oiliúint fhoirmiúil um sholáthar poiblí, acmhainn ball foirne bhreise agus teachtaireachtaí leanúnacha agus seasta ón bhfoireann ardbhainistíochta maidir leis na saincheisteanna um chomhlíonadh. In ainneoin é sin, bhí earraí agus seirbhísí ar luach tuairim is €2.78m a soláthraíodh in 2017 nach raibh i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta um sholáthar. Tá an figiúr seo bunaithe ar athbhreithniú ar chaiteachas a rinneadh thar níos mó ná tríocha scoil agus ionad ar leith lena n-áirítear costais bus/iompair, dhlíthiúla, páipéar scrúdaithe, turas scoile agus soláthair oifige.
San áireamh san fhigiúr seo tá €422,000 de chonarthaí a fuair síneadh ama thar an mbundáta conartha nó áit a ndeachaigh an conradh in éag sula ndearnadh athnuachan air i réimsí a chlúdaíonn leabhair scoile, baill foirne gníomhaireachta agus seirbhísí TF. Cé go ndearna na scoileanna agus ionaid ar leith i gcoitinne na próisis soláthair i dtaca le roinnt de na réimsí seo, níor réachtáladh comórtais ar bhonn comhlán. Leag an BOOLM béim ar an ngá atá ann go mbeidh baill foirne bhreise san fheidhm soláthair inár n-aighneachtaí chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna do chéim II d'athbhreithniú ar dheardh na heagraíochta do BOOanna. Tá an BOOLM ag tacú go gníomhach leis an gcur chuige le seirbhísí a chomhroinnt i dtreo córas eolais um bainistíocht ar airgeadas a chur ar fáil chun déileáil leis na srianta suntasacha atá ann i dtuairiscí agus rianú soláthair a bhaineann le caiteachas ar na córais le hoidhreacht atá i bhfeidhm.
- Is córais le hoidhreacht iad na córais TFC a thacaíonn airgeadas agus párolla a léiríonn laig rialaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá córas airgeadais ar leith san Ionad Oiliúna Scileanna Réigiúnach a chruthaíonn castacht sa bhreis. Tá soláthar náisiúnta de chóras seirbhíse airgeadais comhroinnte ag leanúint ar aghaidh ag leibhéal na Roinne. Chuir an Roinn soláthar náisiúnta de chóras seirbhísí párolla comhroinnte i gcrích agus tá BOOLM i gcéim a dó den rud céanna a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Ag brath ar chur i bhfeidhm na gcóras seirbhísí comhroinnte seo táthar ag brath go mór ar tuairiscí bainistíochta a chur ar fáil de láimh agus táthar ag brath an iomarca ar scarbhileoga a úsáid. Cruthaíonn sé seo dúshlán mór don eagraíocht; agus,
- Níor chomhlíon BOOLM a oibleagáidí maidir le ráitis sochar pinsin. Tá forbairt á déanamh ar réiteach seirbhísí TF comhroinnte chun tacú leis an bhfeidhm seo mar chuid den chóras seirbhísí párolla comhroinnte agus cuireadh acmhainní ball foirne breise ar fáil chun déileáil leis an leibhéal suntasach d'ionchur de láimh de thairfid stairiúla. Is réimse ardriosca iad Pinsin do BOOanna agus cuireadh é seo in iúl don Roinn.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOLM tiomanta do chóras um rialú inmheánach éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamúil a fheidhmiú. Rinne an bhainistíocht athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha agus cuireadh é faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh. Ar an 23ú Márta 2018, bunaithe ar an athbhreithniú sin, dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach leis an gCoiste Iniúcháireachta go raibh an córas um rialú inmheánach leordhóthanach agus oiriúnach chomh fada agus is féidir go réasúnta.

Tháinig Bord an BOOLM ar réiteach ar an 19ú Samhain 2015 go raibh léargas ginearálta ar bhainistíocht riosca den BOO mar fheidhm den Choiste Iniúcháireachta. Thuairiscigh an Coiste Iniúcháireachta chuig Bord an BOOLM 4 huairé – 19/01/17, 16/03/17, 20/06/17 agus 28/11/17. Fuair an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí iniúchta agus litreacha bainistíochta a d'eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhí eisithe ó 2010. Tá bainistíocht an BOOLM ag déanamh monatóireachta ar chóras rianúcháin de mholtaí agus á chothabháil freisin.

Agus é i mbun a ndualgas bhuail an Coiste Iniúcháireachta le hionadaí ó oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Ceann an Aonaid Iniúchadh Inmheánach agus bainistíochta feidhmiúcháin BOOLM. Réachtáladh cruinnithe i láithreacha éagsúla den BOOLM. Deimhníonn an Coiste Iniúcháireachta go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na saincheisteanna thuasluaite agus go deimhin na saincheisteanna uile a d'ardaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag a chruinnithe boird éagsúla.

Rinne an Bord de BOO Lú agus na Mí athbhreithniú ar an ráiteas ar rialú inmheánach agus rinne sé é a fhaomhadh ar dtús ag an gcruinniú a bhí ann ar an 28 Márta 2018.

An Comhairleoir Sharon Tolan

Cathaoirleach

Dáta

26/11/2018



An tArd Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Tuairim ar ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 iniúchta agam mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá na ráitis airgeadais déanta suas de na nithe seo a leanas

- ráiteas ar na polasaithe airgeadais
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus ar dhliteanais reatha agus
- na nótaí a ghabhann leo.

Is é an tuairim atá agam ná:

- go léiríonn na ráitis airgeadais go hiomchuí ioncam agus caiteachas an Bhoird do 2017 agus staid gnóthaí an Bhoird amhail ar an 31 Nollaig 2017; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bunús tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (Clanna) mar atá á bhfeidhmiú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Institiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin seo curtha síos san aguisín atá in éineacht leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách de Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé leordhóthanach agus oiriúnach le bunús do mo thuairim a chur ar fáil.

Tuairisciú ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an Bord eolas áirithe eile ar fáil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé seo an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir lena leithéid eolais, agus ar chúrsaí áirithe eile, san aguisín atá in éineacht leis an tuairisc seo.

Gan rialacha soláthair a chomhlíonadh

Sa ráiteas ar rialú inmheánach nochtar go raibh leibhéal d'ábhar nár comhlíonadh leis na rialacha náisiúnta um sholáthar i dtaca le hearraí agus seirbhísí a soláthraíodh in 2017, agus na céimeanna atá beartaithe chun déileáil leis seo.

Sásúlacht acmhainní agus córas

Sa ráiteas ar rialú inmheánach nochtar ábhair inmí maidir le sásúlacht na n-acmhainní iniúchadh inmheánach atá ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus ábhair inmí maidir leis na córais airgeadais agus párolla reatha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar rialuithe inmheánacha.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Samhain 2018

Aguisín in éineacht leis an tuairisc

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar atá sonraithe i ráiteas an Bhoird ar fhreagrachtaí, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm mar atá leagtha amach faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013

na leabhair chuntais chuí a choimeád ina ndéantar staid airgeadais an Bhoird a nochtadh go réasúnta cruinn

sócmhainní an Bhoird a chosaint agus le céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí a sheachaint agus a chosc

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus chun tuairiscíú a dhéanamh ina dtaobh chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil faoina bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuirisc ar ábhar de bharr calaoise nó earráide. Is é atá i gceist le dearbhú réasúnta ná leibhéal ard dearbhairthe, ach ní deimhniú é go n-aimseoidh iniúchadh atá déanta i gcomhréir leis na Clanna míthuirisc ar ábhar i gcónaí nuair atá sí ann. D'fhéadfadh míthuiriscí eascairt as calaois nó earráid agus meastar go mbaineann siad le hábhar dá gceapfaí go réasúnta, mar cheann ar leith nó ar an iomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí agus bunús na ráiteas airgeadais á chur san áireamh.

Mar chuid den iniúchadh i gcomhréir leis na Clanna, feidhmí breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é seo á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíthuirisc ar ábhar de na ráitis airgeadais is cé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta dearaidh agus feidhmíthe a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach le bunús do mo thuairim a chur ar fáil. Tá an riosca maidir le gan míthuirisc ar ábhar a aimsiú mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a tharlaíonn mar thoradh ar earráid, mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, míbhrí nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá oiriúnach don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní fhaighim é chun tuairim a léiriú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta atá in úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nochtadh a bhaineann leo.
- Críochnaím cé acu an gcuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird go hiomchuí agus cé acu an gcuireann an ráiteas ar iarmhéideanna, mar atá léirithe sa ráiteas ar shócmhainní reatha agus ar dhliteanais reatha staid ghnóthaí an Bhoird i láthair.
- Déanaim meastóireacht ar an léiriú, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear aon nochtadh, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus eachtraí ar bhealach ina mbaintear cur i láthair cóir amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht orthu maidir le rialachas i dtaobh, i measc ábhar eile, scóip agus achar ama an iniúchta atá beartaithe, agus tátail shuntasacha den iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Eolas seachas ráitis airgeadais eile

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirim aon fhoirm dearbhairthe dheidh ina dtaobh.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Clanna an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é seo á dhéanamh, breathnú ar cé acu an bhfuil an t-eolas eile neamhréir ó thaobh ábhair de leis na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air gur ráiteas neamhchruinn é ó thaobh ábhair de. Má thagam ar chinneadh ag an deireadh go bhfuil ráiteas neamhchruinn ann ó thaobh ábhair de san eolas eile seo, bunaithe ar an obair a rinne mé, is gá dom an fhíríc sin a thuairiscíú.

Ag tuairiscíú ar ábhair eile

Reachtáiltear m'iniúchadh de réir tagartha do thosca ar leith atá ceangailte le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmí. Tuairiscím má bhíonn aon chúrsaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar reachtáladh gnó poiblí.

Táim ag iarraidh fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má bhíonn aon eachtra a bhaineann le hábhar nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe nó áit nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin de réir eisceachta, más rud é, i mo thuairim,

- Nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí ag teastáil uaim do m'iniúchadh, nó
- nach raibh dóthain sna taifid chuntasaíochta leis na ráitis airgeadais a fhaomhadh le bheith iniúchta go luath agus go hiomchuí, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Gníomhaíochtaí agus Costais Pá

1 Príomhghníomhaíocht

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí Oideachas agus Oiliúint ar fáil ar fud Lú agus na Mí mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhís	Líon na Láithreacha	Líon na Rannpháirtithe	Líon na dtairbhíthe
Bunleibhéal	1	223	-
Ionad do Scoil Eorpach	1	40	-
Dara Leibhéal & Iar-Ardteistiméireacht	18	12,535	-
Breisoideachas	107	-	11,799
Oiliúint	1	-	2,690
Ranganna Páirtaimseartha/Oíche	10	-	3,000
	138	12,798	17,489

Is é atá i gceist le tairbhíthe ná líon iomlán na rannpháirtithe ar chlár ón 1ú Eanáir 2017 go dtí an 31ú Nollaig 2017. Is é atá i gceist le rannpháirtithe ná líon iomlán na rolluithe lánaimseartha nó páirtaimseartha san Fhómhar in 2017.

2. Seirbhísí Eile

Gníomhaíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus reáchtálann sé Tionscadail Féinmhaoinithe.

Is é atá i gceist le hobair ghníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta eile i gcomhréir leis na critéir chomhaontaithe agus aisíoctar an Bord as ucht a chostais.

Is cláir iad na tionscadail féinmhaoinithe a dhéantar a reáchtáil faoi rialú iomlán an Bhoird don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

2 Costais Pá

Is é an Pá an príomhchostas don Bhord agus léiríonn an tábla seo a leanas raonta an phá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon Pá*	Líon Fostaithe	Costas in 2017
		€
0 - 59,999	1885	42,772,680
60,000 - 69,999	235	15,158,436
70,000 - 79,999	123	9,070,540
80,000 - 89,999	18	1,542,936
90,000 - 99,999	15	1,427,482
100,000 - 109,999	12	1,273,043
110,000 – 119,999	5	565,968
120,000 – 129,999	1	125,742
130,000 – 139,999	-	
140,000 – 149,999	-	
150,000 – 159,999	-	

160,000 – 169,999	1	163,841
170,000 – 179,999	-	
180,000 – 189,999	1	185,975
IOMLÁN	2,296	72,286,643

* San áireamh sna raonta pá tá ÁSPC na bhfostóirí

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí pinsin i dtaca le fostaithe.

Ag cloí leis an Reachtaíocht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe leis an bPobal rinne BOO Asbhaintí a Bhaineann leis an bPinsean ó Fhostaithe ar luach €2,510,855 a cuireadh isteach go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Beartais Chuntasaíochta

1. Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 1 Iúil 2013 agus tá a fheidhmeanna leagtha amach in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tháinig Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí faoi phátrúnacht an BOOLM ag tús na bliana acadúla 2017/2018.

2. Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

(a) Bunús an Chur i Láthair

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna le cead ón Aire Airgeadais agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é atá i gceist leo ná Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Cuntas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Más gá athluadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe sin ar an mbonn céanna de na figiúirí sin den bhliain reatha.

(b) Bunús an Ullmhúcháin

Sa Chuntas Oibriúcháin cuirtear Fáltais agus Íocaíochtaí de réir Ghrúpála na gClár agus déantar an Barrachas/(Easnamh) ar airgead tirim mar thoradh orthu a choigeartú do ghluaiseachtaí féichiúnaí agus creidiúnaí leis an toradh ar an iomlán a aimsiú don tréimhse ar bhonn fabhráithe.

Déantar an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha a ullmhú ar bhonn fabhráithe trí dheontas stáit a shocrú agus iarmhéideanna maoinithe eile ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh agus i gcomhréir leis na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh sna Sócmhainní Reatha. Tá Dliteanais Pá agus Costais san áireamh sna Dliteanais Reatha.

(c) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar na sócmhainní uile a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna a chur leis an gcaiteachas sa bhliain a ceannaíodh iad. Cuirtear na deontais Stáit le ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú san ioncam sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Déantar na stoic intomhalta a ghearradh ar chaiteachas nuair a cheannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin bhaill foirne an BOO, lena n-áirítear iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS faoi na scéimeanna le sochar sainithe.

Coimeádann an BOO asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó phá fostaithe i dtaca leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú an Stáitchiste, nó íoctar iad trasna leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Tá na scéimeanna seo nach bhfaigheann maoiniú á bhfeidhmiú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear agus íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna na teidlíochtaí pinsin bliantúla go díreach thar ceann an BOO.

(f) Cíosanna Léis

Cuirtear cíosanna léis leis an gcaiteachas de réir mar a dhéantar iad a thabhu.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Cuntas Oibriúcháin don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

	Nóta	Bliain dar chríoch 31/12/2017	Bliain dar chríoch 31/12/2016
FÁLTAIS			
Deontais Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	1	66,707,260	61,142,024
Deontais Bunscoileanna	2	86,356	22,151
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna	3	28,264,154	29,695,738
Deontais Seirbhísí Tacaíochta do Scoláirí/Mic Léinn	4	-	-
Deontais Seirbhísí Óige	5	796,422	343,962
Tionscadail Gníomhaireachta agus Féinmhaoinithe	6	7,553,290	8,412,024
Caipiteal	7	22,766,168	14,730,620
		126,173,650	114,346,519
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iarbhunscoileanna & Ceannoifig	8	67,246,754	61,083,035
Bunscoileanna	9	69,267	29,535
Breisoideachas agus Oiliúint	10	27,475,532	30,200,510
Seirbhísí Tacaíochta do Scoláirí/Mic Léinn	11	-	76,154
Seirbhísí Óige	12	642,983	327,410
Tionscadail Gníomhaireachta agus Féinmhaoinithe	6	7,984,468	8,218,263
Caipiteal	7	23,535,480	15,366,480
		126,954,484	105,503,749
Barrachas/ (Easnamh) ar Airgead Tirim don tréimhse		(780,834)	(954,868)
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	23	1,030,556	1,257,351
Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim Fhabhráithe Don Tréimhse		249,722	302,483
Ioncam/ (Easnamh) ag tús na tréimhse		(2,025,759)	(2,328,242_
Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim ag deireadh na tréimhse		(1,776,037)	(2,025,759)
Sínithe		Sínithe	
An Comhairleoir Sharon Tolan Cathaoirleach		An tUasal Martin G. O'Brien Príomhfheidhmeannach	
Dáta 26-11-2018		Dáta 26-11-2018	

Tá na nótaí ó leathanaigh 10 go 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha amhail ar an 31 Nollaig 2017

	Nóta	31/12/2017	31/12/2016
Sócmhainní Reatha			
Deontais Stáit a fhaightear arís is arís eile	15	390,108	717,917
Deontais Stáit Caipitil	16	1,841,073	1,235,334
Ioncam eile a fhaightear arís is arís eile	17	189,066	280,553
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	18	12,940	-
Iarmhéid Bainc		10,141,928	10,922,761
		<u>12,575,115</u>	<u>13,156,565</u>
Dlíteanais Reatha			
Deontais Stáit a fhaightear arís is arís eile	19	3,416,383	3,027,102
Deontais Stáit Caipitil	20	3,990,868	4,053,967
Ioncam eile a fhaightear arís is arís eile	21	3,907,982	5,457,221
Dlíteanais Pá agus Costais	22	3,035,919	<u>2,644,034</u>
		<u>14,351,152</u>	<u>15,182,324</u>
Glan (Dlíteanais) Reatha		<u>(1,776,037)</u>	<u>(2,025,752)</u>
Arna Ionadaíocht ag			
Ioncam (Easnamh)		<u>(2,025,759)</u>	<u>(2,328,242)</u>
Anailís ar bharrachas/(Easnamh)			
		Barrachas/(Easnamh)	Barrachas/Easnamh
		31/12/2017	2017
Clár		€	€
Iarbhunscoileanna & Ceannoifig		(1,794,354)	100,302
Seirbhísí Tacaíochta do Scoláirí		-	-
Príomhdheontais Scéime Lena mBaineann		(586,221)	(586,221)
Tionscadail Ghníomhaireachta		(701,506)	(570,403)
Tionscadail Féinmhaoinithe		1,306,044	1,306,044
Iomlán		(1,776,037)	249,722
			(2,025,759)

Sínithe

Sínithe

An Comhairleoir Sharon Tolan
Cathaoirleach

An tUasal Martin G. O'Brien
Príomhfheidhmeannach

Dáta
26-11-2018

Dáta
26-11-2018

Tá na nótaí ó leathanaigh 10 go 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

1 Fáltais Scoileanna & Ceannoifige	Rannóg Urraíochta/Maoinitheora	Bliain dar Chríoch 31/12/2017 €	Bliain Dar Chríoch 31/12/2016 €
Pá			
Glandeontas Airgid Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	An Roinn Oideachais agus Scileanna	57,666,329	52,709,197
Rannócaíochtaí Aoisliúntais atá á gCoinneáil	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2,625,495	2,557,485
		60,291,824	55,266,682
Airgead Nach Pá É			
Glandeontas Airgid Iarbhunscoileanna & Ceannoifige	An Roinn Oideachais agus Scileanna	3,585,375	3,561,246
Táillí Teagaisc	Tuismitheoirí/Scoláirí	438,852	382,842
Ús Bainc	Banc	1	2
Táillí Athdhéanta na hArdteistiméireachta	Scoláirí	127	762
Díbhinn Árachais	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	94,015	59,723
Eile	Eile	113	-
CLÁIR LENA mBAINEANN			
Tacaíocht Seirbhísí Scoile	An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,050,016	940,763
Deontas Leabhar DEIS	An Roinn Oideachais agus Scileanna	306,467	297,354
Ardteistiméireacht Fheidhmeach	An Roinn Oideachais agus Scileanna	48,320	43,790
Clár na hIdirbhliana	An Roinn Oideachais agus Scileanna	90,345	79,230
Scéim Cúntóirí Teanga	An Roinn Oideachais agus Scileanna	28,562	32,445
Deontas JSCP	An Roinn Oideachais agus Scileanna	10,080	9,480
Deontas Fisice/Ceimice	An Roinn Oideachais agus Scileanna	9,841	9,685
Tacaíocht Seirbhísí Scoile - PLC	An Roinn Oideachais agus Scileanna	66,282	143,537
Deontas Ranganna Speisialta	An Roinn Oideachais agus Scileanna	4,614	14,641
Caipitíocht Daltaí ar Taistealaithe iad	An Roinn Oideachais agus Scileanna	11,860	22,713
Cúrsaí Inghairme – Príomhscéim Taistil	An Roinn Oideachais agus Scileanna	2,822	2,690
Deontas Leabharlainne	An Roinn Oideachais agus Scileanna	15,000	15,675
Maoiniú DEIS	An Roinn Oideachais agus Scileanna	222,648	224,293
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí	An Roinn Oideachais agus Scileanna	61,537	-
Tionlacan Taistil	An Roinn Oideachais agus Scileanna	21,750	34,471
Straitéis Dhigiteach TFC	An Roinn Oideachais agus Scileanna	322,610	-
Deontas Riaracháin JCPA	An Roinn Oideachais agus Scileanna	3,832	-
Nasc Lónra Rialtais	An Roinn Oideachais agus Scileanna	19,928	-
Deontas Bogearraí	An Roinn Oideachais agus Scileanna	439	-
		2,296,953	1,870,767
Iomlán		66,707,260	61,142,024
2. Fáltais Bunscoileanna			
Deontas Caipitíochta	An Roinn Oideachais agus Scileanna	49,490	22,151
Deontas Coimhdeach	An Roinn Oideachais agus Scileanna	36,868	-
		86,356	22,151

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Bliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

3. FÁLTAIS BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Bliain Dar Chríoch

Bliain Dar Chríoch

31/12/2016

31/12/2015

RANNÓG MAOINITHEORA/URRAÍOCHTA

BREISOIDEACHAS

VTOS	SOLAS	2,230,090	2,322,107
Pá Ógtheagmhála	SOLAS	4,530,300	4,967,671
Tionscnamh Riachtanas Speisialta Oideachais	SOLAS	51,650	46,355
Oideachas Pobail/SPIDAS	SOLAS	570,752	466,948
Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas	SOLAS	1,147,750	935,946
Tionscnamh um Threoir ar Aosoideachais	SOLAS	413,784	(16,264)
Litearthacht Aosach	SOLAS	1,195,584	1,403,576
Dianteagasc	SOLAS	163,724	-
Litearthacht Teaghlaigh DEIS	SOLAS	55,652	-
Caipitíocht Fheabhsaithe PLC/Neamphá/Cíos	SOLAS	202,847	529,159
Seirbhísí Treoirchomhairleoireachta & Siceolaíochta	SOLAS	45,570	81,931
Tionscadal Nuálaíochta	SOLAS	159,723	183,360
Oibríochtúil Eile	SOLAS	668,841	956,036
Athlonnú Dídeanaithe	SOLAS	235,525	22,946
Measúnuithe FETAC Beartaithe go háitiúil	SOLAS	193,468	191,869
		11,865,260	12,091,640

OILIÚINT

Sainsoláthraithe Oiliúna (STP)	SOLAS	1,592,556	2,768,463
Tionscnaimh Traenach Áitiúla	SOLAS	1,863,334	1,446,988
Nasc-oiliúint, Bunoiúint & Oiliúint Scileanna	SOLAS	825,257	152,466
Baill Foirme & Oibríochtaí Ionaid Oiliúna	SOLAS	3,684,149	3,950,514
Ionaid Oiliúna Phobail	SOLAS	792,147	1,002,799
Cúrsaí Oiliúna	SOLAS	1,635,165	1,443,964
Printiseachtaí	SOLAS	4,124,545	4,940,664
Oiliúint Scileanna agus Cúrsaí Oíche	SOLAS	1,881,741	1,867,294
Eile	SOLAS	-	30,946
		16,398,894	17,604,098
Iomlán		28,264,154	29,695,738

4. FÁLTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO SCOLÁIRÍ

Deontais agus Scoláireachtaí	An Roinn Oideachais agus Scileanna	-	-
Iomlán		-	-

5. FÁLTAIS SEIRBHÍSÍ ÓIGE

Obair Óige	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	129,640	94,715
Scéim um Dheontais Club Óige Áitiúla	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	88,989	80,899
Deontas Caipitil Óige	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	-	50,000
YPFSF	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	66,072	62,926
Caipiteal VFMPR Dhroichead Átha	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	-	19,500
VFMPR Reatha Dhroichead Átha	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	60,000	15,772
Tionscadal um Infhostaitheacht Óige	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	-	20,150
Trealamh um Chlubanna Óige Áitiúla	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	431,163	-
Cúnamh Teicniúil um Chlubanna Óige Áitiúla	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	19,558	-
Clár Oibre 21 um Chlubanna Óige Áitiúla	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	1,000	-
Spórt Fóillíochta	An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	-	-
Iomlán		796,422	343,962

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

6. Tionscadail Gníomhaireachtaí agus Féinmhaoinithe

GNÍOMHAIREACHTAÍ		Bliain Dar Chríoch 31/12/2017			Bliain Dar Chríoch 31/12/2016		
Mír	AINM AN TIONSCADAIL	Rannóg Maoinitheora/Urraíochta	FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ	FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ	
			Pá	Airgead Nach Pá É	Iomlán		
		€	€	€	€	€	€
